



**gretb**

Bord Oideachais agus Oiliúna  
na Gaillimhe agus Ros Comáin  
*Galway and Roscommon  
Education and Training Board*

**Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC)**

**ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**

**SCÉIM TEANGA**

**2018 - 2021**

## Clár

<b>Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .....</b>	<b>3</b>
<b>1.1 Réamhrá .....</b>	<b>3</b>
<b>1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime.....</b>	<b>3</b>
<b>1.3 Dáta Tosaithe na Scéime .....</b>	<b>4</b>
<b>Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin .....</b>	<b>5</b>
<b>2.1 Misean agus Aidhmeanna .....</b>	<b>5</b>
<b>2.2 Príomhfheidhmeanna .....</b>	<b>5</b>
<b>2.3 Príomhsheirbhísí.....</b>	<b>5</b>
<b>2.4 Custaiméirí agus Cliaint .....</b>	<b>5</b>
<b>Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach .....</b>	<b>6</b>
<b>Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge.....</b>	<b>7</b>
<b>Caibidil 5: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge sa Ghaeltacht .....</b>	<b>13</b>
<b>Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge.....</b>	<b>15</b>
<b>6.1 Earcaíocht .....</b>	<b>15</b>
<b>6.2 Oiliúint agus Forbairt.....</b>	<b>15</b>
<b>6.3 Poist Shainithe Ghaeilge .....</b>	<b>17</b>
<b>Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú .....</b>	<b>18</b>
<b>Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe.....</b>	<b>19</b>
<b>Aguisíní.....</b>	<b>20</b>

# Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

## 1.1 Réamhrá

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholathróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge,
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuil an comhlacht ag soláthar trí mheán na Gaeilge a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí, ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

## 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Tá aird mar is cuí tugtha ar na Treoirínte a d'eisigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus an scéim seo á hullmhú. Ina theannta sin, tugadh faoi phróiseas cuimsitheach comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara uile.

Tá **Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin (BOOGRC ina dhiaidh seo)** á threorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh soláthar seirbhísí Gaeilge bunaithe ar:

- an leibhéal bunúsach éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge,
- an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid, agus
- acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla atá ar BOOGRC ar bhonn céimnithe, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

**Ní bhaineann sé seo ach le comhlachtaí poiblí ar daingníodh scéimeanna leo cheana.**

Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo, beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga.

Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

### **1.3 Dáta Tosaithe na Scéime**

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Tosaíonn sí le héifeacht ó 16 Iúil 2018 seo agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim eile daingnithe, cibé acu is déanaí.

## **Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar BOOGRC**

### **2.1 Misean agus Aidhmeanna**

Is é misean BOOGRC, i gcomhar le gníomhaireachtaí eile oideachais agus comhlachtaí forbartha pobail, comharsanachtaí foghlama a chruthú agus a chur chun cinn i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin, le go mbeidh rochtain ag gach duine a chónaíonn i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin ar an oideachas agus ar an oiliúint is gá dá gcuid riachtanas pearsanta, sóisialta, cultúrtha, eacnamaíoch agus sibhialta.

### **2.2 Príomhfheidhmeanna**

Is comhlacht reachtúil é BOOGRC, le freagrachtaí forleathana as seachadadh oideachais agus oiliúna i scoileanna dara leibhéal, i gcoláistí breisoideachais agus in ionaid aitheanta oideachais (scéimeanna litearthachta agus oideachas aosach) i gContaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin. Sa todhchaí, beidh ról ag BOOGRC san earnáil bunoidreachais trí mhúnla na Scoileanna Pobail Náisiúnta (SPN). Is é BOOGRC an áisíneacht stáit ar a dtiteann an fhreagracht an t-ionad oiliúna, atá cistithe ag SOLAS (An tSeirbhís Oideachais Leanúnaigh agus Scileanna), i Mervue, Gaillimh, a riaradh.

### **2.3 Príomhsheirbhísí**

Bunaíonn agus coinníonn BOOGRC scoileanna agus ionaid aitheanta oideachais, agus pleanálann, soláthraíonn, comhordaíonn agus athbhreithníonn an Bord soláthar an oideachais agus na hoiliúna laistigh dá chuid limistéar seirbhíse. Tá de dhualgas ar an mBord freisin (faoi threoir ón Aire Oideachais agus Scileanna) seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil do sholáthraithe eile oideachais agus oiliúna. Tharlódh go soláthrófaí na tacaíochtaí seo i gcomhthéacs tionscadal caipitil agus talún, acmhainní daonna, seirbhísí airgeadais, seirbhísí dlí, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) agus rialachas corparáideach.

### **2.4 Custaiméirí agus Cliaint**

Pobail uile Chontaetha na Gaillimhe agus Ros Comáin; mic léinn, tuismitheoirí/caomhnóirí a chomhdhéanann pobail/comharsanachtaí foghlama ár scoileanna iar-bhunoideachais ar fad, ár n-ionaid aitheanta oideachais agus gach seirbhís eile a sholáthraíonn BOOGRC, lena n-áirítear seirbhísí breisoideachais agus oiliúna, seirbhísí oideachas pobail agus seirbhísí obair ógra; Ranna stáit/comhlachtaí leathstáit, gníomhaireachtaí deonacha, grúpaí pobail agus daoine aonair; agus fostaithe BOOGRC.

### Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí ar fáil i mBéarla amháin, i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Ní mór sonraí a thabhairt faoi cén teanga ina gcuirtear bhur gcuid seirbhísí ar fáil, ag cur seirbhísí sa Ghaeltacht san áireamh.

Soláthar Seirbhísí ar fáil (Cuir tic sa bhosca cuí)			
Ainm na Seirbhíse	Seirbhísí i mBéarla amháin	Seirbhísí i nGaeilge amháin	Go dátheangach
Scoileanna iar-bhunoideachais taobh amuigh den Ghaeltacht	Gach scoil á rith trí Bhéarla, seachas Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí.	Coláiste an Eachréidh, Baile Átha an Rí	
Ionaid Ógtheagmhála, Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS), Ionaid Litearthachta d'Aosaigh An Tionscnamh um Filleadh ar an Oideachas (BTEI)	Gach seirbhís trí Bhéarla		
Treoir san Oideachas Aosach			Ar fáil
Oideachas Pobail			Ar fáil
Príomhoifig Riaracháin BOOGRC, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí	Rannóg Airgeadais; Rannóg na bhFoirgneamh; Stiúrthóir um Thacaíocht agus Forbairt Eagraíochta;		An Príomhfheidhmeannach; Rúnaí an Phríomhfheidhmeannaigh; Seirbhísí Corparáideacha; Roinn Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC); Deisce Chabhrach TFC; Seirbhísí Tacaíochta don Bhord; Oifigeach Óige; Timire Gaeilge; Oifigeach Oideachais agus Stiúrthóir na Scoileanna; Roinn Acmhainní Daonna.
Ionad Breisoideachais agus Oiliúna an Bhoird (FÁS san am a caitheadh), Páirc Ghnó Mervue, Gaillimh; Stiúrthóir Breisoideachais agus Oiliúna BOOGRC, Páirc Ghnó Mervue, Gaillimh			Seirbhís dhátheangach.
Fo-oifig BOOGRC, Baile Ros Comáin	Trí Bhéarla		


### Seirbhísí ar fáil sa Ghaeltacht

Ainm na Seirbhíse	Seirbhísí i mBéarla amháin	Seirbhísí i nGaeilge amháin	Go dátheangach
Gach scoil iar-bhunoideachais ach amháin Coláiste Bhaile Chláir		Gach scoil	
Ionad Ógtheagmhála; Scéim Deiseanna Oiliúna Gairme (VTOS); Ionaid Litearthachta d'Aosaigh; Breacadh; An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas;		*Gach ionad	*Ionad Litearthachta Mhaigh Cuilinn, seirbhís go príomha i mBéarla.
Treoir san Oideachas Aosach			Ar fáil
Oideachas Pobail			Ar fáil
Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall, An Fhairche			Dátheangach

## Caibidil 4: Ag Feabhsú Soláthar Seirbhísí i nGaeilge

Is riachtanais éigeantacha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 iad na forálacha i gcló liath atá le feiceáil sa tábla thíos.

Modh Cumarsáide leis an bPobal		Gealltanais	
Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal		Beidh na fógraí réamhthaifeadta seo a leanas i nGaeilge nó go dátheangach:  (a) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal ar	Éigeantach

		<p>fáil i nGaeilge nó go dátheangach ar an nguthán nuair atá ár n-oifigí dúnta;</p> <p>(b) Cuirfear fógraí taifeadta ó bhéal a chraoltar ar chóras fógartha poiblí ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach;</p> <p>(c) Cuirfear fógraí ó bhéal a chruthaítear agus a chraoltar trí chóras ríomhtheachtaireachta nó trí chóras ríomhfhreagartha gutháin ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Tabhair faoi deara gur fógairtí ‘taifeadta’ seachas fógairtí ‘beo’ a bhaineann le hábhar anseo.</p> <p>Sa chás go bhfuil Ordú Logainmneacha i bhfeidhm, úsáidfean an leagan Gaeilge den Logainm atá sonraithe san Ordú sin i bhfógraí taifeadta ó bhéal a dhéanann comhlacht poiblí nó a dhéantar ar a shon.</p>	
<b>Cumarsáid i Scríbhinn</b>	<b>Litreacha agus Post Leictreonach</b>	Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.	Éigeantach
	<b>Stáiseanóireacht</b>	Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.	Éigeantach
<b>Comharthaí</b>	<b>Comharthaí</b>	Ní mór an chomharthaíocht uilig a chuireann BOOGRC in airde nó a chuirtear in airde thar a cheann a bheith i nGaeilge nó dátheangach, faoi réir na rialachán (I.R. Uimh 391/2008).	Éigeantach
<b>Foilseacháin</b>	<b>Foilseacháin</b>	Foilseofar cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise i nGaeilge agus i mBéarla ag an am céanna.	Éigeantach
	<b>Ciorcláin / Cora Poist</b>	I gcás ina ndéanfaidh comhlacht poiblí cumarsáid i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach leis an bpobal i gcoitinne nó le haicme den phobal i gcoitinne	Éigeantach



		chun faisnéis a thabhairt don phobal nó don aicme, cinnteoidh an comhlacht gur i nGaeilge, nó i mBéarla agus i nGaeilge, a bheidh an chumarsáid	
<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Logainmneacha Gaeltachta</b>	Bainfear úsáid as logainmneacha oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	Éigeantach

Seo a leanas liosta gníomhartha molta ag BOOGRC faoi gach seirbhís.

<b>Modh Cumarsáide leis an bPobal</b>		<b>Gealltanais</b>	<b>Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3</b>
<b>Cumarsáid ó Bhéal / Scríbhinn</b>	<b>Fáiltiú</b>	Beannófar roimh chustaiméirí i dtosach báire i nGaeilge agus ansin i mBéarla.	I gcrích sa Phríomhoifig i mBaile Átha an Rí, ach fós le déanamh san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Mervue, agus san Fho-oifig i mBaile Ros Comáin. Le bheith curtha i gcrích faoi dheireadh na dara scéime.
	<b>Seirbhís Duine le Duine/Chuntair</b>	Cinnteoimid go mbeidh ball foirne amháin in ann déileáil go héifeachtach leis an bpobal i nGaeilge.	Go leanúnach i bPríomhoifig an Bhoird, Baile Átha an Rí. Le cur i bhfeidhm san Ionad Oiliúna Mervue agus san Fho-oifig i Ros Comáin faoi dheireadh na dara scéime.
	<b>Lasc-chlár</b>	Tabharfaidh foireann an lasc-chláir sa Phríomhoifig i mBaile Átha an Rí ainm an chomhlachta phoiblí i nGaeilge agus i mBéarla. Beidh eolas ag foireann an lasc-chláir ar na bunbheannuithe i nGaeilge agus beidh siad in ann an glao a aistriú chuig ball eile foirne atá in ann Gaeilge a labhairt.	Go leanúnach sa Phríomhoifig, san Ionad Oiliúna, Mervue agus san Fho-oifig i Ros Comáin
	<b>Cumarsáid ghutháin</b>	Cuirfidh baill foirne dátheangacha	Go leanúnach sa

	<b>leis an bpobal</b>	custaiméirí ar an eolas go bhfuil siad sásta gnó a dhéanamh trí Ghaeilge má theastaíonn.	Phríomhoifig, Baile Átha an Rí, san Ionad Oiliúna Mervue. Níl seo ar fáil san Fho-oifig i Ros Comáin.
	<b>Fógraí réamhthaifeadta ó Bhéal</b>	Beidh fógra dátheangach ag lasc-chlár na Príomhoifige i mBaile Átha an Rí, i bhFo-oifig an Bhoird, Baile Ros Comáin agus ag Ionad Oideachais agus Oiliúna an Bhoird, Páirc Ghnó Mervue, Gaillimh.	Faoi dheireadh chéad bhliain na scéime. Níor tharla seo le linn na chéad scéime mar gur athraíodh an córas teileafóin.
	<b>Fógraí Beo</b>	Beidh 20% d'fhógraí dátheangach.	Ní ann d'aon fhógraíocht bheo faoi láthair agus níl i gceist go mbeadh.
	<b>Eile</b>	-	-
	<b>Bileoga Eolais/Bróisiúir</b>	Féachann BOOGRC le leagan dátheangach nó Gaeilge de na bileoga eolais agus de na bróisiúir is mó a úsáidtear a chur ar fáil, ach athraíonn an t-ábhar seo go tráthrialta, rud a chruthaíonn dúshlán ollmhóra ó thaobh leanúnachas dátheangach an ábhair. Díreofar ar chomhlíonadh an ghealltanais seo san Ionad Breisoideachais agus Oiliúna, Mervue, mar gur ansin a ghintear an chuid is mó den ábhar seo.	*Tairgtear cúrsaí ar an suíomh gréasáin <a href="http://www.fetchcourses.ie">www.fetchcourses.ie</a> atá faoi chúram SOLAS, curtha ar fáil i gcomhpháirt le BOOE agus soláthraithe eile breisoideachais agus oiliúna. Is i mBéarla amháin atá an tseirbhís seo agus, go bhfios do BOOGRC, níl sé i gceist go mbeadh sí ar fáil go dátheangach.
	<b>Foirmeacha Iarratais</b>	Tá agus beidh leagan dátheangach nó Gaeilge ar fáil de na foirmeacha iarratais is mó a úsáidtear.	Go leanúnach
	<b>Eile</b>	-	-
	<b>Na Meáin</b>		
<b>Preaseisiúintí</b>	Eiseofar gach nuachteisiúint i nGaeilge nó go dátheangach ag an am céanna.	Go leanúnach	
<b>Urlabhraithe na Meán</b>	Tá agus beidh urlabhraí Gaeilge ar fáil i gcomhair agallamh leis na meáin Ghaeilge.	Go leanúnach	
<b>Óráidí</b>	Beidh 10% ar a laghad d'ábhar Gaeilge in óráidí Béarla. Bheifí ag súil anseo go gcuimseofaí beannachtaí	Go leanúnach	

		tosaigh agus deiridh óráide, mar aon le tagairtí thall is abhus, i nGaeilge, d'ábhar agus/nó d'ócáid na hóráide.	
	<b>Eile</b>	Beidh gach óráid a bhaineann le hócáid Ghaeltachta/sa Ghaeltacht go hiomlán i nGaeilge.	Go leanúnach
<b>Teicneolaíocht Faisnéise</b>	<b>Ríomhphoist</b>	Foilseoimid seoladh ríomhphoist ar leith i gcomhair ceisteanna i nGaeilge ar shuíomh/suímh gréasáin an chomhlachta phoiblí. Beidh gnáth-theachtaireachtaí ríomhphoist, séanadh mar shampla, dátheangach.	Go leanúnach
	<b>Suíomhanna Gréasáin</b>	*Beidh an t-ábhar seasta ar an leathanach baile agus ar na príomhleathanaigh shonraithe ar shuíomh gréasáin an chomhlachta phoiblí i nGaeilge.	*Féachfaidh BOOGRC leis an taobh Gaeilge den suíomh gréasáin corparáideach a aistriú go Gaeilge, lena bheith go hiomlán infheidhmithe faoi dheireadh na scéime seo.
	<b>Córais Ríomhaireachta</b>	*Chomh fada is a cheadaíonn forbairtí ag an leibhéal náisiúnta, agus foráil do chistiú dá réir, leanfaidh BOOGRC de bheith ag úsáid teicneolaíochta chun soláthar seirbhísí dátheangacha a fheabhsú.	*Le linn shaolré na scéime seo. Tá bac ar BOOGRC aon chórais nua ríomhairí a shuiteáil faoi láthair.
	<b>Seirbhísí Idirghníomhacha</b>	*Chomh fada is a cheadaíonn forbairtí ag an leibhéal náisiúnta, agus foráil do chistiú dá réir, leanfaidh BOOGRC de bheith ag úsáid teicneolaíochta chun soláthar seirbhísí dátheangacha a fheabhsú.	*Le linn shaolré na scéime seo. Tá bac ar BOOGRC aon chórais nua ríomhairí a shuiteáil faoi láthair.
	<b>Eile</b>	-	-

<b>An Ghaeltacht</b>	<b>Cruinnithe</b>	Nuair is gá, tionólfar cruinnithe sa Ghaeltacht i nGaeilge, le haistriúchán comhuaineach i mBéarla, mar is cuí. Cuirfear fáilte roimh ionchur i nGaeilge agus i mBéarla ag cruinnithe poiblí a eagraíonn an comhlacht poiblí nó a eagraítear thar a cheann. Beidh cruinnithe a eagraíonn comhlacht poiblí, a bhaineann le gnóthaí Gaeilge, i nGaeilge nó dátheangach, mar is cuí.	Go leanúnach
	<b>Logainmneacha</b>	Bainfidh BOOGRC úsáid na logainmneacha oifigiúla Gaeltachta le haghaidh gnó oifigiúil. Tá na leaganacha oifigiúla ar fáil ag <a href="http://www.logainm.ie">www.logainm.ie</a>	Go leanúnach
	<b>Eile</b>	-	-



**An Ghaeilge mar theanga oibre sna hoifigí lonnaithe sa Ghaeltacht**

**Gealltanais**

**Amlíne  
Laistigh de  
BI.1/BI.2/BI.3**

Faoi láthair, tá gach oifig Ghaeltachta BOOGRC, seachas Ionad Oideachais Sheachtraigh Cheapach na gCapall agus Ionad Litearthachta Mhaigh Cuilinn, ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge. Feidhmíonn Ionad Cheapach na gCapall agus Ionad Mhaigh Cuilinn go príomha i mBéarla, ach forálann siad do sheirbhís trí Ghaeilge, ar iarratas.

## Caibidil 6: Ag Feabhsú Inniúlacht sa Ghaeilge

### 6.1 Earcaíocht

Is é earcú foirne le scileanna cumasacha Gaeilge i ngach réimse d'obair BOOGRC an príomhbhealach a bheidh ann chun barr feabhais a chur ar infhaighteacht seirbhísí i nGaeilge. Beidh aird ag ár bpolasaí earcaíochta, atá faoi réir an chreata de nósanna imeachta comhaontaithe náisiúnta d'earcaíocht, ar an ngá chun inniúlacht Gaeilge a fheabhsú ar bhonn céimnithe.

Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe, ar fáil do gach ball foirne chun a chinntiú go mbeidh siad ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá BOOGRC tiomanta deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí oiliúna Gaeilge atá creidiúnaithe go cuí, de réir ár n-acmhainní. Cuirfear an fhoireann iomlán ar an eolas faoi áiseanna/dheiseanna chun a n-inniúlacht sa Ghaeilge a fheabhsú.

		Gealltanais	Amlíne Laistigh de BI.1/BI.2/BI.3
Feabhsú ar chumas Gaeilge	Earcaíocht	Cuirfear pacáiste ionduchtúcháin ar fáil do bhaill nua foirne ina mbeidh cóip dár scéim chomhaontaithe.  Cuirfear múinteoirí nuacheaptha ar an eolas faoi oibleagáidí BOOGRC faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 (a chuimseoidh Scéim Teanga BOOGRC 2018-2021) ag tús gach lá induchtaithe roimh thosach scoilbhliana acadúla nua.	Tabharfaidh an Roinn Acmhainní Daonna (AD) an pacáiste ionduchtúcháin cothrom le dáta in 2018, in am d'ionduchtú múinteoirí nua i mí Lúnasa, 2018.
	Oiliúint	De réir Polasaí d'Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL) BOOGRC d'Fhoireann Riaracháin agus Chléireachais, cuirfear deiseanna ar fáil chun cumas Gaeilge na foirne a fheabhsú. Déanfar socruithe cuí chun oiliúint (oiliúint chreidiúnaithe nuair a lorgáitear í) sa Ghaeilge a chur ar fáil don fhoireann chun:	Go leanúnach

		<ul style="list-style-type: none"> <li>• tacú leis an bhfoireann chun a líofacht sa Ghaeilge a choimeád agus a fhorbairt,</li> <li>• feabhas a chur ar chumas na foirne a n-oibleagáidí agus a riachtanais Ghaeilge i gcur i gcrích a ndualgas a chomhlíonadh.</li> </ul> <p>Cuirfear an fhoireann ar an eolas faoi acmhainní teanga ar nós: <a href="http://www.tearma.ie">www.tearma.ie</a>, <a href="http://www.focloir.ie">www.focloir.ie</a>, <a href="http://www.teanglann.ie">www.teanglann.ie</a>, <a href="http://www.abair.ie">www.abair.ie</a>, <a href="http://www.logainm.ie">www.logainm.ie</a> chomh maith le WinGléacht, an leagan leictreonach d'fhoclóir Gaeilge-Béarla Uí Dhónaill.</p>	
	<p><b>Rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí chun an teanga a chur chun cinn/ Acmhainní a chur ar fáil</b></p>	<p>Misneofar an fhoireann chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cultúrtha teanga, go háirithe le linn Seachtain na Gaeilge, agus i mbliana mar chuid de Bliain na Gaeilge – 2018. Scaiptear feasacháin maidir le himeachtaí áitiúla Gaeilge ar an bhfoireann riaracháin go tráthrialta.</p> <p>Cinntoidh ár leabharlann inmheánach go mbeidh leabhair agus ábhair eile i nGaeilge ar fáil mar acmhainn don fhoireann chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.</p> <p>Beidh an fhoireann ar an eolas faoi choincheap an chomhaontaithe réamhghníomhaigh – ag tairiscint seirbhísí go réamhghníomhach don phobal.</p>	<p>Go leanúnach</p>
	<p><b>Eile</b></p>	<p>Iarrfar ceist ar fhoirmeacha iarratais fostaíochta BOOGRC maidir le hinniúlacht iarratasóra sa Ghaeilge, agus cuirfear ceist amháin ar a laghad as Gaeilge ag am agallaimh den timthriall earcaíochta.</p>	<p>Go leanúnach</p>



### 6.3 Poist Shainithe Ghaeilge

Tá na poist liostáilte thíos sainithe mar phoist a mbaineann riachtanas inniúlachta Gaeilge leo. Tá sé i gceist go mbeidh caighdeán shonraithe chreidiúnaithe sa Ghaeilge bainte amach ag sealbhóirí na bpost seo i gcomhréir le cúraim an phoist. Nuair a bhí na poist seo á sainiú, tugadh aird ar leith ar phoist atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta agus ar phoist atá lonnaithe i gceantair lasmuigh den Ghaeltacht ach ar phobail Ghaeltachta agus/nó Ghaeilge mórán dá mbonn custaiméirí.

Teideal an Phoist	Láthair	An pobal Gaeltachta/Gaeilge ar a bhfuiltear ag freastal	Comharthú den chaighdeán Gaeilge a theastaíonn (roghnaigh ceann: bunleibhéal, meánleibhéal nó ardleibhéal)
Príomhoidí, Leas-Phríomhoidí, stiúrthóirí, bainisteoirí comhordaitheoirí, agus gach post múinteoirearachta	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile an Bhoird	Pobal Ghaeltacht na Gaillimhe agus pobal gach Gaelcholáiste faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe
Rúnaithe, freastalaithe agus poist eile riaracháin	Scoileanna, ionaid aitheanta oideachais agus seirbhísí eile an Bhoird	Pobal Ghaeltacht na Gaillimhe agus pobal gach gaelcholáiste faoi chúram an Bhoird.	Ardleibhéal inmhianaithe

## **Caibidil 7: Monatóireacht agus Athbhreithniú**

Déanfaidh Príomhfheidhmeannach BOOGRC, Stiúrthóirí agus Bainisteoirí ie Foireann Ardbhainistíochta BOOGRC, monatóireacht agus athbhreithniú ar an scéim ar bhonn rialta. Is é Tomás Breathnach, Timire Gaeilge, an teagmhálaí don scéim.

Beidh córas foirmiúil ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar iarratais ar sheirbhísí i nGaeilge agus beidh cuntas air sin inár dTuarascáil Bhliantúil. Níl a leithéid de chóras ag BOOGRC.

## Caibidil 8: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo trí phreasráiteas i dtosach báire. Cuirfimid leagan dátheangach den scéim ar fáil ar ár suíomh gréasáin agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí. Féadfar modhanna eile chun an scéim a phoibliú a úsáid freisin.

Ina theannta sin, tapóimid gach deis inár n-idirghníomhú laethúil le custaiméirí chun na seirbhísí a chuirimid ar fáil i nGaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- custaiméirí a chur ar an eolas go díreach, ar bhealach réamhghníomhach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge, mar shampla, trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhfáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil;
- na seirbhísí sin a liostú in áit ina mbeidh siad le feiceáil go soiléir ar ár suíomh gréasáin;
- cuirfimid in iúl ar threoirlínte, bileoga eolais agus foirmeacha iarratais ar leith go bhfuil na cáipéisí seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura bhfuil siad ar fáil go dátheangach;
- tabharfaimid suntasacht chomhionann d'ábhair Ghaeilge agus Bhéarla.


Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge an leagan oifigiúil den scéim seo.

## Aguisíní

### 1. Fógra Rúin BOOGRC maidir le Dréacht-scéim a Ullmhú – Glao ar aighneachtaí ón bpobal

Ní bhfuarthas aighneacht ar bith.



**AIGHNEACHTAÍ Á LORG**  
**ACHT NA DTEANGACHA OIFIGIÚLA 2003**  
**DRÉACHT-SCÉIM TEANGA Á HULLMHÚ AG**  
**BORD OIDEACHAIS AGUS OILIÚNA NA GAILLIMHE AGUS ROS COMÁIN**

Tá sé i gceist ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin scéim a dhéanadh de réir Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Is é bunchuspóir an Achta ná a chinntiú go mbeadh fáil níos mó ar sheirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go mbeadh siad ar chaighdeán níos airde. Tá aighneachtaí maidir le hullmhú na dréacht-scéime á lorg ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin aonís ó aon pháirtithe leasmhara. Ba chóir nach rachadh na haighneachtaí sin thar 4,000 focal (c. 8 leathanach). Ba chóir freisin, go himhianaithe, aighneachtaí, a bheidh ar fáil go poiblí ar láithreán gréasáin na Roinne, a sheoladh isteach go leictreonach chuig [colas@gretb.ie](mailto:colas@gretb.ie) nó [info@gretb.ie](mailto:info@gretb.ie).

Ina ionad sin is féidir iad a sheoladh leis an bpost chuig: 'Dréacht-scéim Teanga', Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin, An Coiléar Bán, Baile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe.

Tá eolas maidir le mandáid agus an ról/na seirbhísí arna soláthar don phobal ag Bord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin ar fáil ar [www.gretb.ie](http://www.gretb.ie).

Is é an dáta deireanach d'aighneachtaí a bheith faighte ná 5.00in, Dé hAoine, 15 Nollaig 2017. Tá tuilleadh eolais faoin Acht ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta [www.chg.gov.ie](http://www.chg.gov.ie).

**Sínithe: Daibhíd Ó Laocha, Príomhfeidhmeannach**

---

**REQUEST FOR SUBMISSIONS**  
**OFFICIAL LANGUAGES ACT 2003**  
**PREPARATION OF A DRAFT LANGUAGE SCHEME BY**  
**GALWAY AND ROSCOMMON EDUCATION AND TRAINING BOARD (GRETB)**

Galway and Roscommon Education and Training Board (GRETB) proposes to draft a scheme in accordance with Section 11 of the Official Languages Act 2003. The primary objective of the Act is to ensure better availability and a higher standard of public services through Irish. Galway and Roscommon Education and Training Board now wishes to invite representations in relation to the preparation of the draft scheme from any interested parties. Submissions should ideally not exceed 4,000 words (c. 8 pages). Ideally, submissions, which will be made available on the Department's website, should be forwarded electronically to [info@gretb.ie](mailto:info@gretb.ie) or [colas@gretb.ie](mailto:colas@gretb.ie).

Alternatively, they may be posted to: 'Dréacht-scéim Teanga', Galway and Roscommon Education and Training Board, An Coiléar Bán, Athenry, Co. Galway.

Information in relation to the mandate and role/ services provided to the public by Galway and Roscommon Education and Training Board is available on [www.gretb.ie](http://www.gretb.ie).

The latest date for receipt of representations is 5pm, Friday, 15 December 2017.

Further information in relation to the Act is available on the Department of Culture, Heritage and Gaeltacht website [www.chg.gov.ie](http://www.chg.gov.ie).

**Signed: David Leahy, Chief Executive**

Connacht Tribune 20x3 125mm  
Roscommon Herald 20x3 112mm

MP

### Nóta:

Comhaimseartha leis an nglao ar aighneachtaí ón bpobal, lorgaíodh aighneachtaí ó fhoireann uile BOOGRC. Ní bhfuarthas aon aighneacht.